Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 26 Meán Fómhair 2025
(OR. en)

12919/25

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0242(NLE)

MAR 119
OMI 47
ENV 852
CLIMA 345

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta ag an dara seisiún urghnách maidir le leasuithe a ghlacadh ar an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL)<br>– Glacadh |

## I. RÉAMHRÁ

1. An 30 Iúil 2025, tharchuir an Coimisiún an togra thuasluaite chuig an gComhairle.

2. Baineann an togra le seasamh an Aontais a bhunú le linn an dara seisiún urghnách den Choiste um Chaomhnú an Chomhshaoil Mhuirí (CCCM) de chuid na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta (IMO), a bheidh ar siúl an 14 go dtí an 17 Deireadh Fómhair 2025 (CCCM/ES.2) a mhéid a bhaineann le leasuithe a ghlacadh ar Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL) maidir leis an Atlantach Thoir Thuaidh a ainmniú mar Limistéar nua Rialaithe Astaíochtaí (rialacháin 13 agus 14 agus Foscríbhinn VII d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL), maidir le hinrochtaineacht Bhunachar Sonraí IMO um Ídiú Ola Breosla Long (IMO DCS) agus clásal athbhreithniúcháin an bhirt ghearrthéarmaigh maidir le laghdú gás ceaptha teasa (GCT) (rialacháin 20, 25, 27 agus 28 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL), agus maidir le Creat Glan-Nialasachta IMO (Caibidil 5 nua d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le MARPOL).

3. Leis na leasuithe ar MARPOL, a mheastar go nglacfar iad le linn MEPC/ES.2, beifear in ann tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar dhlí an Aontais, is é sin Rialacháin (AE) 2015/757[1] agus (AE) 2023/1805[2] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoracha (AE) 2016/802[3] agus (AE) 2023/959[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.

4. Tá na leasuithe i gcomhréir le cuspóirí an Aontais sábháilteacht mhuirí a fheabhsú agus an comhshaol muirí agus sláinte an duine a chosaint, go háirithe trí astaíochtaí truailleán aeir ó longa a chosc, a laghdú agus a rialú, agus trí astaíochtaí GCT a laghdú.

## II. AN OBAIR I gCOMHLACHTAÍ ULLMHÚCHÁIN NA COMHAIRLE

5. Scrúdaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra an 8 agus an 15 Meán Fómhair 2025. Ghlac na toscaireachtaí leis an togra comhréitigh ón Uachtaránacht a cuireadh i láthair ag an gcruinniú deireanach sin.

6. Chomhaontaigh an Mheitheal um Loingseoireacht an togra a oiriúnú, a mhéid is ábhartha, do chinntí comhchosúla ón gComhairle a bhí ann roimhe seo, lena n-áirítear coimircí maidir le roinnt na n-inniúlachtaí idir an tAontas agus na Ballstáit agus maidir le feidhmiú na hinniúlachta tríd an gCinneadh seo ón gComhairle a ghlacadh.

7. Chuir an Coimisiún in iúl go raibh imní air faoi chuid de na leasuithe a rinneadh ar an togra bunaidh.

8. Ag eascairt as an gcomhaontú ar thángthas air ar leibhéal na meithle, rinne seirbhísí dlítheangeolaíocha na Comhairle athbhreithniú ar théacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

---

[1] Rialachán (AE) 2015/757 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa ó mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE.

[2] Rialachán (AE) 2023/1805 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar, agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE.

[3] Treoir (AE) 2016/802 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 a bhaineann leis an gcion sulfair i mbreoslaí leachtacha áirithe a laghdú.

[4] Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa.

## III. CONCLÚID

9. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an dréachtchinneadh, mar a leagtar amach in 12915/25 é, a d'ullmhaigh na saineolaithe dlí agus teanga, a scrúdú agus a fhormhuiniú agus é a tharchur chuig an gComhairle d'fhonn é a ghlacadh ag seisiún a bheidh ann amach anseo.

10. Cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoin nglacadh i gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE.